



OIDEACHAS AGUS GAIRMOILIÚINT

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, is faoi gach Ballstát den Aontas Eorpach (AE) atá sé beartais oideachais agus oiliúna, mar is ann dóibh, a chinneadh. Dá bhrí sin, is ról tacaíochta atá i ról an Aontais. Tá roinnt comhdhúshlán ag na Ballstáit uile, áfach — sochaithe atá ag dul in aois, easnaimh scileanna sa lucht saothair, iomaíocht dhomhanda agus oideachas na luath-óige — agus, dá bhrí sin, tá comhfhreagairtí ag teastáil, le tíortha ag obair le chéile agus ag foghlaim óna chéile^[1].

BUNÚS DLÍ

Sainithníodh an oiliúint ghairmiúil mar réimse gníomhaíochta Comhphobail i gConradh na Róimhe in 1957, agus rinneadh an t-oideachas a aithint go foirmiúil mar réimse inniúlachta AE i gConradh Maastricht in 1992. Léirítear sa chonradh go 'rannchuideoidh an Comhphobal le hoideachas de chaighdeán a fhorbairt tríd an gcomhar idir Ballstáit a chothú agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh, agus freagracht na mBallstát i leith inneachar an teagaisc agus eagrúchán an chóras oideachais agus a n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga á hurramá aige'.

Le Conradh Liospóin, ní dhearnadh aon athrú ar na forálacha maidir le ról AE in oideachas agus in oiliúint (Teideal XII, Airteagal 165 agus Airteagal 166). Ina theannta sin, tá foráil ann ar féidir cur síos a dhéanamh uirthi mar 'chlásal sóisialta' cothrománach. In Airteagal 9 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), sonraítear an méid seo a leanas: 'Agus a bheartais agus a ghníomhaíochtaí á saineú agus á gcur chun feidhme aige, tabharfaidh an tAontas aird ar na ceanglais atá nasctha le (...) hardleibhéal oideachais [agus] oiliúint a chur chun cinn'.

Thairis sin, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a bhfuil an stádas dlí céanna leis na Conarthaí (Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach) aici, sonraítear an méid seo a leanas: 'Tá ag gach duine an ceart chun oideachais agus chun rochtain a fháil ar oiliúint leanúnach agus ar ghairmoiliúint' (Airteagal 14), mar aon leis an 'ceart chun obair a dhéanamh agus gabháil do shlí bheatha atá roghnaithe nó glactha go saorálach aige nó aici' (Airteagal 15).

CUSPÓIRÍ

Ina bheartais agus ina ghníomhaíochtaí, ní mór don Aontas aird a thabhairt ar na ceanglais atá nasctha le hardleibhéal oideachais agus oiliúna a chur chun cinn. Dá bhrí sin, is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha AE maidir leis an

[1]Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Bileog Eolais [3.6.4](#) maidir leis an Ardoideachas.



oideachas agus an oiliúint mar a leag an Chomhairle síos iad in 2009: (1) foghlaim ar feadh an tsaoil agus soghluaisteacht a fhíorú; (2) cáilíocht agus éifeachtúlacht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú; (3) cothromas, comhtháthú sóisialta agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn; (4) cruthaitheacht agus nuálaíocht a fheabhsú, lena n-áirítear fiontraíocht, ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna.

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. 'Eoraip 2020' agus 'Oideachas agus Oiliúint 2020'

Tá borradh ar leith curtha faoin mbeartas oideachais agus oiliúna le glacadh na [straitéise 'Eoraip 2020'](#). Cé gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht as córais oideachais agus oiliúna, tá ról lárnach ag AE maidir le tacú le hiarrachtaí a gcórais oideachais a fheabhsú agus a nuachóiriú. Faoin straitéis 'Eoraip 2020', tugtar treoir shonrach maidir le hathchóirithe tosaíochta do na Ballstáit gach bliain i bhfoirm moltaí tír-shonracha.

I réimse an oideachais agus na hoiliúna, léirítear sa [chreat straitéiseach don chomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint](#) (ET 2020) na hionstraimí agus na socruithe le haghaidh obair chomhpháirteach ar leibhéal an Aontais. Mar chuid de ET 2020, tá na tagarmharcanna seo a leanas de chuid AE leagtha síos don bhliain 2020: (1) ba cheart 95% ar a laghad de leanaí idir ceithre bliana d'aois agus an aois le haghaidh dul faoi oideachas éigeantach bunscóile a bheith rannpháirteach in oideachas na luath-óige; (2) ba cheart gur lú ná 15% sciar na ndaoine atá 15 bliana déag d'aois agus nach bhfuil cumas leordhóthanach acu i léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht; (3) ba cheart gur lú ná 10% sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna; (4) ba cheart gurbh ionann agus 40% ar a laghad sciar na ndaoine idir 30 agus 34 bliana d'aois a bhfuil leibhéal oideachais treasach bainte amach acu; (5) ba cheart gurbh ionann 15% ar a laghad agus sciar na ndaoine fásta (idir 25 agus 64 liana d'aois) atá rannpháirteach san oideachas ar feadh an tsaoil; (6) ba cheart go mbeadh roinnt ama caite thar lear i mbun staidéir nó oiliúna ag 20% ar a laghad de chéimithe ardoideachais agus ag 6% ar a laghad de dhaoine idir 18 agus 34 bliana d'aois a bhfuil cáilíocht ghairme tosaigh acu; (7) ba cheart go mbeadh ar a laghad 82% de chéimithe (daoine atá 20 go 34 bliana d'aois a bhfuil meánoideachas deiridh céime nó oideachas treasach curtha i gcrích go rathúil acu) a d'fhág an t-oideachas idir bliain amháin agus trí bliana ó shin fostaithe.

Chun beartais AE i réimsí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chur chun feidhme, oibríonn an Coimisiún tríd an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP), atá ar cheann de ghníomhaireachtaí díláraithe an Aontais.

B. Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip

In 2016, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht maidir le Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip ([COM \(2016\) 0381](#)) ina molann sé 10 mbeart chun na scileanna atá ag teastáil sa mhargadh fostaíochta a thabhairt do dhaoine agus chun úsáid níos fearr a bhaint as na scileanna atá acu cheana, chun cuidiú leo poist ar ardchaighdeán a aimsiú:

- Rátháíocht Scileanna chun cuidiú le daoine fásta nach bhfuil acu ach beagán scileanna chun íosleibhéal litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha a fháil;



- athbhreithniú ar an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí;
- an ‘Chomhghuaillíocht um Scileanna Digiteacha agus Poist Dhigiteacha’ chun tacú leis an gcomhar i measc geallsealbhóirí oideachais, fostaíochta agus tionscail;
- an ‘Treoirphlean um Chomhar Earnála maidir le Scileanna’ chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis maidir le scileanna;
- ‘Uirlís um Phróifíliú Scileanna do Náisiúnaigh tríú tír’ chun tacú le sainaitheint agus próifíliú luath scileanna agus cáilíochtaí na n-imirceach;
- tacaíocht don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint, go háirithe trí imeachtaí agus gníomhaíochtaí laistigh den tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairmiúla;
- athbhreithniú ar an moladh maidir le hinniúlachtaí lárnacha chun cuidiú le líon níos mó daoine an chroíshraith scileanna a fháil is gá chun bheith ag obair agus ag maireachtáil sa 21ú haois;
- athbhreithniú ar Chreat Europass, lena ndéantar uirlisí atá níos fearr agus a bhfuil sé níos éasca iad a úsáid a chur ar fáil do dhaoine chun a scileanna a chur i láthair;
- togra i gcomhair Moladh maidir le Rianú Céimithe agus é mar aidhm leis feabhas a chur ar an tuiscint atá ann ar fheidhmíocht na gcéimithe i ndiaidh dóibh an t-oideachas agus an oiliúint a fhágáil;
- dea-chleachtais a anailísiú agus a chomhroinnt chun gluaiseacht daoine ardoilte agus ardcháilithe idir tíortha (‘sreabhadh inchinne’) a bhainistiú.

C. Oideachas luath-óige

Tar éis ghlacadh [Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta](#), lena gcuirtear i dtreis ‘go bhfuil an ceart ag leanaí oideachas agus cúram luath-óige atá ar phraghas réasúnta agus ar ardchaighdeán a fháil’, tá an t-oideachas luath-óige níos tábhachtaí fós ná mar a bhí. I mí na Bealtaine 2018, rinne an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Córais Oideachais agus Cúraim Luath-Óige ar Ardchaighdeán (COM(2018) 0271) a fhorghnó. Tá an togra sin bunaithe ar obair a rinneadh roimhe seo sa réimse sin, go háirithe an tuarascáil [‘Príomhphrionsabail maidir le Creat Cáilíochta d’Oideachas agus Cúram na Luath-óige’](#), a chuir meitheal saineolaithe náisiúnta chun cinn in 2014.

D. Limistéar Eorpach Oideachais

I mí na Bealtaine 2018, tar éis chruinniú mullaigh Göteborg, d’fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal ‘Eoraip Níos Láidre a Thógáil: an ról atá ag beartais maidir le daoine óga, oideachas agus cultúr’ (COM(2018) 0268). Leagtar amach inti an fhís atá aige maidir le ‘Límistéar Eorpach Oideachais’ a thógáil lena n-áirítear, i measc nithe eile, togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn i ndáil le dioplómaí ardoideachais agus meánoideachais shinsearaigh agus torthaí thréimhsí foghlama thar lear (COM(2018)0270).

E. Erasmus

Is é [Erasmus+](#) clár an Aontais le haghaidh na réimsí a bhaineann le hoideachais, le hoiliúint, le daoine óga agus le spórt do thréimhse 2014-2020. Cuireann sé le



tionscnaimh de chuid an Aontais roimhe seo lena ndearnadh malartuithe agus forbairt maidir le córais oideachais agus oiliúna agus obair don óige a chur chun cinn.

Tá Erasmus+ ceaptha chun tacú le hiarrachtaí na dtíortha leas éifeachtúil a bhaint as acmhainneacht chaipiteal daonna agus sóisialta na hEorpa agus, ag an am céanna, prionsabal na foghlama ar feadh an tsaoil á dhearbhu trí thacaíocht a nascadh le foghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil ar fud réimsí an oideachais, na hoiliúna agus na hóige.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha a shaothraítear le clár Erasmus+ i réimse an oideachais agus na hoiliúna: (1) leibhéal na bpríomhinniúlachtaí agus na bpríomhscileanna a ardú, agus aird ar leith á tabhairt ar a n-ábharthacht don mhargadh saothair agus ar a rannchuidiú le sochaí chomhtháite; (2) feabhsuithe cáilíochta, barr feabhais i nuálaíocht agus idirnáisiúnú ar leibhéal na n-institiúidí oideachais agus oiliúna a chothú; (3) teacht chun cinn an limistéir Eorpaigh um fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus feasacht a ardú ina leith, ar limistéar Eorpach é atá ceaptha chun athchóirithe beartais ar an leibhéal náisiúnta a fhorlíonadh, agus chun tacú le nuachóiriú na gcóras oideachais agus oiliúna; (4) gné idirnáisiúnta an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú; (5) teagasc agus foghlaim teangacha a fheabhsú agus éagsúlacht leathan teangacha an Aontais agus feasacht idirchultúrtha a chur chun cinn.

Is é sprioc uailmhianach Erasmus+ ná sineirgí agus tras-saibhriú ar fud réimsí éagsúla an oideachais, na hoiliúna agus na hóige a chur chun cinn, deireadh a chur le teorainneacha saorga idir na gníomhaíochtaí éagsúla agus na formáidí tionscadail éagsúla, smaointe nua a chothú, gníomhaithe nua a mhealladh ón saoil oibre agus ón tsochaí sibhialta, agus cineálacha nua comhair a spreagadh. Maidir leis an earnáil oideachais, tá na spriocanna sin á mbaint amach aige laistigh de chreat de phríomhghníomhaíochtaí. Tá Príomhbheart 1 dírithe ar shoghluaisteacht mac léinn san ardoideachas agus sa ghairmoiliúint, agus ar shoghluaisteacht ball foirne ar fud gach earnálacha oideachais; tá Príomhbheart 2 dírithe ar chomhpháirtíochtaí; agus tacaíonn Príomhbheart 3 le hathchóiriú beartais.

Rinneadh an [togra ón gCoimisiún](#) maidir le clár a thiocfaidh i gcomharbacht air (2021-2027) a fhoilsiú i mí Bealtaine 2018 ([COM\(2018\)0367](#)). Tá sé beartaithe ann an t-ainm nua simplí 'Erasmus' a thabhairt don chlár iomlán. Níl aon athrú suntasach tagtha ar struchtúr an chláir, lena n-áirítear na trí 'Phríomhghníomhaíocht' a bunaíodh cheana faoi Erasmus+. Molann an Coimisiún, áfach, an buiséad a mhéadú faoi dhó go EUR 30 billiún, i gcomparáid le clárthréimhse 2014-2020.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint i gcónaí ag tacú leis an dlúthchomhar idir na Ballstáit i réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus le gné Eorpach chóras oideachais na mBallstát a fheabhsú. Glacann sé páirt ghníomhach sa timthriall beartais a bhaineann le ET 2020 agus freagraíonn sé ar na tuarascálacha a ullmhaítear sa chreat sin, e.g. trína [rún an 23 Meitheamh 2016 maidir le hobair leantach ar an gCreat Straitéiseach le haghaidh Comhar Eorpach san oideachas agus oiliúint \(ET 2020\)](#).



A. Erasmus

Tá éirithe leis an obair atá déanta ag an bParlaimint chun méadú a bhaint amach ar na hacmhainní buiséadacha atá ar fáil do Erasmus+. An 12 Aibreán 2016, ghlac an Pharlaimint rún maidir le Erasmus+ agus uirlisí eile chun soghluaisteacht VET — chur chuige comhtháite um fhoghlaim ar feadh an tsaoil — a chothú^[2]. Sa rún seo, iarrann sí ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar chomhlachtaí fostaíochta poiblí Clár Erasmus + a chur chun cinn agus feacht a ardú air agus ar uirlisí eile a bhfuil sé mar aidhm acu soghluaisteacht i réim VET a spreagadh, go háirithe i measc FBManna. Ina [rún an 14 Meán Fómhair 2017](#), d'admhaigh an Pharlaimint tionchar an-dearfach Erasmus+. Chuir sí i dtreis gur cheart go mbeadh an clár nua níos oscailte agus níos inrochtana, agus tharraing sí aird ar dheacrachtaí a bhaineann le haitheantas do chreidiúintí an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS). D'iarr sí go gcruthófaí ríomh-Chárta Eorpach do mhic léinn chun rochtain ar sheirbhísí a thabhairt do mhic léinn ar fud na hEorpa. Leag na Feisirí béim ar an tábhacht a bhaineann le saoránacht ghníomhach, oideachas sibhialta agus féiniúlacht Eorpach a chothú tríd an gclár.

Do chéad glúin eile an chláir Erasmus+, tá sé molta ag an bParlaimint an buiséad a mhéadú faoi thrí go EUR 41 billiún, rud a cheadódh níos mó rannpháirtithe agus níos mó cuimsitheachta. Beidh malartuithe gairmoideachais, go háirithe i réigiúin teorann, ina bpríomhthosaíocht sa chlár nua agus beidh buiséad níos mó acu.

B. Oideachas agus fostaíocht

Rinne an Coiste um Chultúr agus um Oideachas (CULT) agus an Coiste um Fostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) comhthuarascáil féintionscnaimh a tharraingt suas maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún faoin gclár oibre nua do scileanna don Eoraip. Glacadh an rún sa Pharlaimint [an 14 Meán Fómhair 2017](#). Mhol an Pharlaimint cur chuige iomlánaíoch maidir le forbairt oideachais agus scileanna, agus d'iarr sí ar na Ballstáit ní hamháin díriú ar scileanna infhostaitheachta, ach díriú ar scileanna atá úsáideach don tsochaí freisin. I measc saincheisteanna eile a luadh bhí cur chuige níos cuimsithí maidir le himircigh a uas-sciliú, infheistíocht a dhéanamh in oideachas agus i gcúram na luath-óige, borradh a chur faoi dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, an príomhról atá ag an bhfoghlaim neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil mar aon le scileanna digiteacha, eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM), agus scileanna fiontraíochta a chothú.

Rinne CULT agus EMPL tuarascáil reachtach a tharraingt suas i gcomhar le chéile ar an togra ón gCoimisiún maidir le nuashonrú ar chreat Europass. Glacadh creat Europass nua an 18 Aibreán 2018 le [Cinneadh \(AE\) 2018/646](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

C. Réimsí sonracha eile

Cuireann an Pharlaimint suim mhór freisin i dteachtaireachtaí ón gCoimisiún a dhíríonn ar réimsí sonracha oideachais agus oiliúna. Áirítear ar shamplaí díobh sin na rúin seo a leanas ón bParlaimint: [rún an 22 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hathmhachnamh ar an oideachas](#), [rún an 15 Aibreán 2014 maidir le teicneolaíochtaí nua agus acmhainní oideachais oscailte](#), [rún an 8 Meán Fómhair maidir le fiontraíocht i measc na hóige](#)

[2]IO C 58, 15.2.2018, lch. 65.



a chur chun cinn trí oideachas agus oiliúint, rún an 12 Meán Fómhair 2017 maidir le hoiliúint bhreise acadúil agus cianoideachas mar chuid den straitéis Eorpach um fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus rún an 12 Meitheamh 2018 maidir le nuachóiriú an oideachais in AE.

Pierre Hériard
05/2019

